RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1430 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Bealtaine 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun na sonraí a shonrú a bheidh le tuairisciú ag na Ballstáit chun críocha na hastaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair a fhíorú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leagtar síos rialacha maidir le comhréireacht feithiclí agus inneall agus iad in úsáid, marthanacht feistí rialaithe truaillithe, córais dhiagnóiseacha ar bord feithicle agus úsáid breosla agus astaíochtaí CO_2 a thomhas.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2018/956 tá an Coimisiún le faireachán a dhéanamh ar thorthaí tástálacha fíoraithe ar bhóthar, i gcás ina mbeidh fáil ar na torthaí sin, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 chun fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair.

(3) Comhlánaíonn Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún ([3]) an creat dlíthiúil maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí agus faisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil arna bhunú ag Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún ([4]). Le Rialachán (AE) 2017/2400 leagtar síos, go háirithe, na rialacha maidir le heisiúint ceadúnas chun uirlis ionsamhlúcháin a oibriú d'fhonn astaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla a chinneadh i dtaca le feithiclí nua tromshaothair a bheidh le díol, le clárú nó le cur i seirbhís san Aontas agus rialacha maidir leis an uirlis ionsamhlúcháin sin a oibriú agus na luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla a chinntear ar an mbonn sin a dhearbhú.

(4) Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar thástálacha bóthair d'fhonn fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair, is gá anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha tástála.

(5) I gcás cliseadh nós imeachta tástála fíoraithe ar bhóthar, beidh gá le tuilleadh faisnéise faoi chúiseanna an chliste sin, obair leantach an chliste sin agus faoi thorthaí na n-imscrúduithe lena gcinntear cúis an chliste sin.

(6) Beidh gá freisin le faisnéis faoin gcaoi a bhfuil tuarascálacha tástála éagsúla nasctha leis an ngrúpa feithiclí gaolmhara céanna faoi imscrúdú.

(7) Maidir leis na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí tástálacha ar bhóthar i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2018/956 agus chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin, is iomchuí dáta a shonrú faoinar cheart d'údaráis inniúla na mBallstát na sonraí sin a thuairisciú ionas go bhfaighidh an Coimisiún iad go tráthúil,

([1]) IO L 173, 9.7.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear i bhfeidhm agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 167, 25.6.2011, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sonraí a bheidh le tuairisciú

Chun críocha Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2018/956, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát na sonraí seo a leanas a thuairisciú:

(a) tuarascálacha tástála dá dtagraítear in Airteagal 20(1), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún, mí amháin ar a dhéanaí tar éis do mhonaróir na feithicle na tuarascálacha sin a chur ar fáil don údarás cineálcheadaithe;

(b) faisnéis faoi imscrúdú lena gcinntear an chúis maidir le cliseadh nós imeachta tástála fíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2017/2400, mí amháin ar a dhéanaí tar éis thosach an imscrúdaithe;

(c) torthaí imscrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2017/2400, lena n-áirítear faisnéis faoi chúiseanna clistí a chinntear de réir an dara fomhír den Airteagal sin a bhaineann le comhpháirteanna agus le haonaid nó córais theicniúla ar leithligh a dheimhniú nó a bhaineann leis an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú, mí amháin ar a dhéanaí tar éis don údarás cineálcheadaithe cúis an chliste a chinneadh;

(d) tuarascálacha tástála dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2017/2400 ar a bhfuil uimhir an deimhnithe maidir le hastaíochtaí CO_2 agus airíonna a bhaineann le hídiú breosla grúpa cúltarraingthe aeir, ar tuarascálacha iad arna mbunú le haghaidh an ghrúpa sin, mí amháin ar a dhéanaí tar éis don mhonaróir na tuarascálacha sin a chur ar fáil don údarás cineálcheadaithe;

(e) na doiciméid a thugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn VIII agus in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 le haghaidh gach deimhnithe maidir le hastaíochtaí CO_2 agus airíonna a bhaineann le hídiú breosla de ghrúpa cúltarraingthe aeir arna dheonú, arna shíneadh, arna dhiúltú nó arna aistarraingt, lena n-áirítear na ceangaltáin, mí amháin ar a dhéanaí tar éis bhunú na ndoiciméad sin nó tar éis don údarás cineálcheadaithe iad a fháil.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN